

### Uimhreacha

**MGO 2 2017/18:** Tá 25 mac léinn tar éis críochnú linn i mbliana agus ag lorg fostaíochta faoi láthair. Bhí 11 acu sin ar sparánacht COGG. (1 Mata, 3 Eolaíocht, 4 Fraincis, 2 Gearmáinis, 1 Spáinnis). Tá postanna faighte ag go leor acu cheana féin.

**MGO 1 2017/18:** Thosigh 28 linn ag tús na bliana. D'fhág duine amháin an clár taobh istigh de choicís. Theip ar bheirt agus ní bheidh siad ag dul ar aghaidh go bl2. Beidh 25 mac léinn againn i mbliain a dó, an bhliain seo chugainn.

**MGO 1 2018/19:** Tá tairiscint tugtha againn do 30 mac léinn le tosú mí Mheán Fómhair. Tá rogha maith ábhair arís againn ag teacht isteach (8 don sparánacht). Ina measc siúd beirt le Mata/Fisic & seisear le Fraincis/Gearmáinis/Spáinnis.

### Breandán & Emer

Ba chúnamh ollmhór dúinn Breandán agus Emer a fháil ar iasacht i mbliana. Bhí ionchur nach beag acu trasna an chlár uilig. Ghlac siad úinéireacht ar na modúil 'Teagasc Trú Ghaeilge', 'Modheolaíochtaí Gaeilge' chomh maith le roinnt mhaith feitheoireacht ar na mic léinn ar shocrúchán scoile agus mar comhairleoirí taighde. Tá siad beirt ag pleanáil faoi láthair don bhliain seo chugainn.

### Scrúdaitheoir Seachtrach

Bhí TJ Ó Ceallaigh mar scrúdaitheoir seachtrach againn arís i mbliana. Bhí sé thar a bheith tógtha leis na forbairtí a rinne muid ón bhliain seo caite. D'éirigh linn go leor dá moltaí ón bhliain seo caite a chur i gcrích.

### TTEG (Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais

Tá teastas (comhcháilíocht idir MGO OÉG, COGG, An tAonad. ) deartha againn agus tá súil againn roinnt bolscaireachta a dhéanamh faoi go luath. Tá sé i gceist againn tús a chur leis in Eanáir 2019. Tá leagan amach an TTEG le feiceáil thíos. Is féidir liom an leagan amach a mhíniú ag an gcruinniú.

# Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais (TTEG)

